An Roinn Iompair
Department of Transport

# Foirm Iarratais ar Rochtain do Dhuine is Ábhar Do Shonraí

Iarratas ar chóip de Shonraí Pearsanta faoi Alt 15 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018

**Tábhachtach:** Ní mór fótachóip de chruthúnas ar do chéannacht (cárta seirbhísí poiblí, pas nó ceadúnas tiomána, mar shampla) agus fótachóip de chruthúnas ar do sheoladh (bille fóntais, mar shampla) a bheith in éineacht leis an bhFoirm Iarratais seo ar Rochtain do Dhuine is Ábhar do Shonraí.

**Comhlánaigh gach cuid den fhoirm seo.**

| **Cuid A – Mionsonraí an Duine is Ábhar do Shonraí (an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige nó aici)** | |
|---|---|
| **Ainm Iomlán:** | |
| **Seoladh:**<br><br>(Éirchód san áireamh, más féidir) | |
| **Iarratais ar shonraí a bhaineann le feithiclí amháin** | Uimhir (uimhreacha) Chlárúcháin na Feithicle:<br><br>Uimhir an Tiománaí (uimhir naoi ndigit ar do cheadúnas tiomána): |
| ***Fón:** | |
| ***Ríomhphost:** | |
| * D’fhéadfadh sé go mbeadh orainn teagmháil a dhéanamh leat chun d’Iarratas ar Rochtain do Duine is Ábhar do Shonraí a phlé/a shoiléiriú | |

**Cuid B – Mionsonraí an Iarratais**

**Cruthúnas ar Íocaíocht Mhótarchánach**

Ba mhaith liom cóipeanna de m'íocaíochtaí mótarchánach a iarraidh maidir leis na dátaí a luaitear thíos don fheithicil/do na feithiclí seo a leanas:

| **Uimhir Chlárúcháin na Feithicle** | **Dáta ó** | **Dáta go dtí** | **Seoladh ag an tráth a gearradh an cháin (más éagsúil ón seoladh reatha)** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**Iarratais Eile ar Shonraí**

**Ba mhaith liom cóipeanna a iarraidh den mhéid seo:**

**An tréimhse ama a bhfuil sonraí á lorg ina leith:** (Eanáir 2016–Aibreán 2017, mar shampla)

**Mionsonraí eile:** Cuir ar fáil aon eolas breise atá agat a d'fhéadfadh cabhrú linn d'iarratas a fhreagairt.

**Tabhair aon Uimhreacha/Ainmneacha Tagartha:** Chun cabhrú linn na sonraí pearsanta a iarrtar a aimsiú agus a aithint, cinntigh go gcuireann tú sonraí ar fáil faoi d'idirghníomhaíochtaí leis na hoifigí éagsúla (Sionainn, Baile Átha Cliath nó Baile Locha Riach, mar shampla), agus na rannáin/foirne laistigh den Roinn a bhfuil tú tar éis comhfhreagras a dhéanamh leo.

**Cuid C: Fíorú Céannachta**

Ionas gur féidir linn d'aitheantas a fhíorú, cuir an méid seo ar fáil:

1. Cóip de cheann de na cineálacha aitheantais seo a leanas:
   *Cuir tic le cibé acu a cuireadh ar fáil.*
   - ☐ Pas Reatha
   - ☐ Cárta Seirbhísí Poiblí
   - ☐ Ceadúnas Tiomána Reatha
   - ☐ Eile (sonraigh)

**AGUS**

2. Cóip de cheann amháin díobh seo a leanas mar chruthúnas ar sheoladh:
   *Cuir tic le cibé acu a cuireadh ar fáil.*
   - ☐ Bille Fóntas (amhail bille gáis, leictreachais nó fóin)
   - ☐ Polasaí árachas reatha cairr nó tí ar a dtaispeántar do sheoladh
   - ☐ Doiciméad eisithe ag Roinn Rialtais ar a dtaispeántar do sheoladh (Ráiteas Dliteanais ar a dtugtaí P21 roimhe seo, mar shampla)

**Cuid D: Modh Cumarsáide**

Iarraim ort an comhfhreagras uile maidir leis an iarratas seo a chur ar aghaidh ar an gcaoi seo:

*Cuir tic de réir mar is cuí.*
- ☐ Seoladh ríomhphoist curtha ar fáil thuas
- ☐ Seoladh poist curtha ar fáil thuas

**Cuid E: Síniú an Iarratasóra**

Is mian liomsa, ……………………………………………… [cuir isteach d'ainm] rochtain a fháil ar na sonraí a chreidim atá á gcoinneáil ag an Roinn Iompair fúm, de réir na hachoimre i gCuid B.

Sínithe: ______________________________ Dáta: ____________________

| **Cuid F: Seicliosta –** Tá an méid seo agam: | **Tá** | **Níl** |
|---|---|---|
| An Fhoirm Iarratais ar Rochtain do Dhuine is Ábhar Do Shonraí comhlánaithe ina hiomláine | ☐ | ☐ |
| *Cruthúnas ar mo chéannacht faoi iamh (cóip de phas/ceadúnas tiomána, mar shampla) | ☐ | ☐ |
| *Cruthúnas ar mo sheoladh faoi iamh (bille fóntais le déanaí, mar shampla) | ☐ | ☐ |
| An bhfuil an Fhoirm Iarratais ar Rochtain do Dhuine is Ábhar Do Shonraí sínithe agus dáta curtha léi? | ☐ | ☐ |

***** Tabhair do d'aire: Teastaíonn uainn cruthúnas a fháil ar chéannacht agus ar sheoladh an iarratasóra le cinntiú go bhfuil an duine a bhfuil an t-iarratas seo ar rochtain á dhéanamh aige nó aici ag gníomhú go dlisteanach.

Seol an fhoirm seo ar ais tríd an ríomhphost chuig: dataprotection@transport.gov.ie

Nó sa phost chuig:

An tOifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Iompair,
Lána Líosain,
Baile Átha Cliath 2
D02 TR60

**Le tuilleadh eolais a fháil, féach:**

- https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/bdf1a-cosaint-sonrai/

- An Coimisinéir Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie

**Foirm Iarratais ar Rochtain do Dhuine is Ábhar Do Shonraí – Fógra Príobháideachais**

1. Is é an tAonad Cosanta Sonraí sa Roinn Iompair a bhailíonn na sonraí a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo. Is é an Roinn Iompair atá ag gníomhú mar rialaitheoir sonraí ar an eolas a chuireann tú ar fáil. Is iad seo sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí:

   An tAonad Cosanta Sonraí
   An Roinn Iompair
   Lána Líosain
   Baile Átha Cliath D02 TR60

   Ríomhphost – dataprotection@transport.gov.ie
   Fón – 085 879 7044

2. D'fhéadfadh sé go n-úsáidfimis na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo chun críocha freagairt do d'iarratas ar rochtain mar dhuine is ábhar do shonraí.

3. Is é an bunús dlí faoina mbailítear agus faoina bpróiseáiltear na sonraí seo ná an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Faoi Alt 15, tá an ceart ag daoine cóip a iarraidh d'aon sonraí pearsanta dá gcuid atá á bpróiseáil ag an Roinn Iompair.

4. Stórálfar go slán ar fhreastalaithe TF na Roinne Iompair na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil anseo.

5. Is é an teagmhálaí le haghaidh aon fhiosruithe a bhaineann leis an bhfoirm seo ná an tAonad Cosanta Sonraí ag dataprotection@transport.gov.ie.

6. Stórálfar na sonraí seo ar feadh 5 bliana ó dháta an Iarratais ar Rochtain do Dhuine is Ábhar do Shonraí nó chomh fada agus is gá chun freagra a thabhairt ar an iarratas agus aon iarratais bhreise ón duine is ábhar do shonraí a chur i bhfeidhm m.sh. ceartú, scriosadh, srl. cibé acu is déanaí.

7. Tá sé de cheart agat aon mhíchruinneas i do shonraí a cheartú. Chun é seo a dhéanamh ba chóir duit scríobh chuig an Aonad um Chosaint Sonraí ag an seoladh atá liostaithe ag 1 thuas ag cur síos ar an míchruinneas is gá a chur ina cheart.

8. Tá sé de cheart agat, nuair is cuí, do shonraí a scriosadh agus/nó srian a chur le próiseáil do shonraí chomh maith leis an gceart agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil do shonraí. Ina theannta sin, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir tuilleadh sonraí maidir le do chearta cosanta sonraí a fháil i mBeartas Cosanta Sonraí na Roinne Iompair atá ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/bdf1a-cosaint-sonrai/

Deireadh Fómhair 2023